BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

5 Meán Fómhair 2023*

(Mainneachtain gníomhú – Rialachán (AE) 2018/1806 – Pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 – Liosta de thríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh – Liosta de thríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin – Prionsabal na cómhalartachta – Cuireadh chun gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear ar fionraí go sealadach an díolúine ón gceanglas víosa ar feadh tréimhse 12 mhí i leith náisiúnaigh de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá)

I gCás C-137/21,

CAINGEAN mar gheall ar mhainneachtain gníomhú faoi Airteagal 265 CFAE, a tugadh an 4 Márta 2021,

**Parlaimint na hEorpa**, arna hionadú ag S. Alonso de León, P. López-Carceller agus J. Rodrigues, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

v

**an Coimisiún Eorpach**, arna ionadú ag A. Azéma agus L. Grønfeldt, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Prechal, K. Jürimäe, C. Lycourgos, M. Safjan agus M. L. Arastey Sahún, Uachtaráin Dlísheomra, M. Ilešič, J.-C. Bonichot, I. Jarukaitis (Rapóirtéir), A. Kumin, N. Jääskinen, M. Gavalec, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 15 Nollaig 2022

* Teanga an cháis: an Béarla.

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Ina hiarratas, iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCúirt a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún Eorpach a oibleagáidí faoi CFAE a chomhlíonadh trí mhainneachtain gníomh tarmligthe a ghlacadh faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO 2018 L 303, lch. 39).

### An dlí lena mbaineann

2 Le Rialachán 2018/1806, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO 2001, L 81, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2017/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 (IO 2017, L 133, lch. 1), a aisghairm agus Rialachán 2018/1806 a chur ina ionad, le héifeacht ón 18 Nollaig 2018. De réir aithris 1 de, le Rialachán 2018/1806, códaítear an Rialachán a aisghaireadh agus ar cuireadh Rialachán eile ina ionad, agus tuigtear na tagairtí do Rialachán Uimh. 539/2001 mar thagairtí do Rialachán 2018/1806 atá le léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. De réir na hIarscríbhinne sin, freagraíonn Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 539/2001 d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806.

3 De réir aithrisí 1 agus 14 de Rialachán Uimh. 2018/1806:

"Is cuspóir í an chómhalartacht iomlán víosaí ar cheart don Aontas [Eorpach] a shaothrú ar bhealach onnghníomhach ina chaidreamh le tríú tíortha, agus inchreidteacht agus leanúnachas bheartas seachtrach an Aontais a fheabhsú ar an mbealach sin."

4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in aithris 15 den Rialachán sin:

"Ba cheart foráil a dhéanamh do shásra Aontais lena gcumasófaí cur chun feidhme phrionsabal na cómhalartachta má chinneann ceann de na tríú tíortha a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II náisiúnaigh de chuid ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit a chur faoi réir ceanglas víosa. Ba cheart don sásra sin foráil a dhéanamh do fhreagra ón Aontas ar mhaithe le dlúthpháirtíocht, má chuireann tríú tír den sórt sin ceanglas víosa i bhfeidhm do na náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad."

5 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 17 den Rialachán sin:

"D'fhonn a áirithiú go mbeidh páirt iomchuí ag Parlaimint na hEorpa agus ag [Comhairle an Aontais Eorpaigh] sa dara céim de chur chun feidhme shásra na cómhalartachta, ráite an nádúr polaitiúil ró-íogair a ghabhann le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile tríú tír a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II agus a himpleachtaí cothrománacha ar Bhallstáit, ar na tíortha a mbaineann Schengen leo agus ar an Aontas féin, go háirithe i dtaca lena gcaidreamh

seachtrach agus feidhmiú ginearálta limistéar Schengen, ba cheart na cumhachtaí maidir le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 [CFAE] a tharmligean don Choimisiún i ndáil le gnéithe áiritithe den sásra cómhalartachta. [...]”

6 Foráiltear in Airteagal 1(1) de Rialachán 2018/1806:

“Leis an Rialachán seo cinntear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, nó díolmhaithe uaidh ar bhonn measúnaithe de réir gach cáis ar leith ar roinnt critéar a bhaineann, *inter alia*, le hinimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádála coigríche, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach.”

7 De réir Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

“Beidh náisiúnaigh tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II díolmhaithe ón gceanglas [víosa] […] i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.”

8 Foráiltear in Airteagal 7 den Rialachán sin:

“I gcás inar chuir tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) laistigh de 30 lá tar éis don tríú tír an ceanglas víosa a chur chun feidhme, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ina leith i scríbhinn.

Maidir leis an bhfógra sin:
(I) sonrófar ann dáta chur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann;
(II) áireofar leis an bhfógra sin míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta a rinne an Ballstát lena mbaineann d’fhonn taisteal gan víosa a áirithiú leis an tríú tír lena mbaineann agus áireofar leis an fhaisnéis go léir is ábhartha.

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis a bhaineann leis an bhfógra sin gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta chur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann.

Má chinneann an tríú tír an ceanglas víosa a tharraingt siar sula n-éagann an sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ní thabharfar an fógra, nó, aistarraingeofar é agus ní fhoilseofar an fhaisnéis;

(b) déanfaidh an Coimisiún, láithreach bonn tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún céimeanna, i gcomhar le húdaráis an tríú tír, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d’fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill maidir leis na céimeanna sin;

(c) i gcás nach bhfuil an tríú tír tar éis an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de 90 lá tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus in ainneoin na gcéimeanna a glacadh i gcomhréir le pointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do chatagóirí áirithe náisiúnaigh an tríú tír sin. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát iarraidh dá shórt, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi;

(d) déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), (f) nó (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) chun a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha sin;

(e) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír sin lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus ansin ag eatraimh nach faide ná 6 mhí laistigh de thréimhse iomlán nach rachaidh thar an dáta ina dtagann an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) i bhfeidhm nó má chuirtear ina aghaidh:

(I) gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ar iarraidh ón mBallstát (Ballstáit) lena mbaineann nó ar a thionscnamh féin lena gcuirfear ar fionraí go sealadach, go ceann tréimhse 6 mhí, an díolúine ón gceanglas víosa atá ag catagóirí áirithe náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh cur chun feidhme sin dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, féadfaidh an Coimisiún tréimhsí breise nach faide ná 6 mhí a chur leis an bhfionraí sin agus féadfaidh sé modhnú a dhéanamh ar chatagóirí na náisiúnach ón tríú tír atá i dtreis agus ar fionraíodh an díolúine ón gceanglas víosa ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát; nó

(II) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 11(1) lena ndéanfar measúnú ar an gcás agus ina léireofar na cúiseanna ar bheartaigh an coiste gan an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis.

Cuirfear na tosca ábhartha uile, amhail iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d), san áireamh sa tuarascáil sin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plé polaitiúil a dhéanamh ar bhonn na tuarascála sin;

(f) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí sealadach ar feadh tréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh tarmligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus

lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhíthin fonóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i dtreis, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina [sainítear] tréimhse na fionraíochta sin.

Maidir leis an dáta ar a ngabhann éifeacht le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann nó i gcás ina mbíonn agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe á chur in iúl de bhun Airteagal 10(7), rachaidh aon ghníomh tarmligthe nó aon ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun phointe (e) den chéad fhomhír den Airteagal seo a bhaineann leis an tríú tír sin in éag. Má tharlaíonn sé go ndéanann an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh mar a thagraítear dó i bpointe (h), cuirfear 6 mhí de shíneadh leis an tréimhse fionraithe maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Déanfar an fonóta dá dtagraítear san fhomhír sin a leasú dá réir.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír a mbaineann an gníomh tarmligthe léi, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát;

[...]

h) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i bpointe (f), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a thíolacadh chun an tagairt don tríú tír a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;

[...]”

9 Foráiltear le hAirteagal 10(6) agus (7) de Rialachán 2018/1806:

“6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (f) d’Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 4 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”

10 Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an “liosta de thríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa ar thrasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh ar feadh tréimhsí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá”, cumhdaithe ag Iarscríbhinn II den Rialachán sin.

**Cúlra na díospóide**

11 An 12 Aibreán 2016, chuir an Coimisiún teachtaireacht faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle dar teideal “Staid na himeartha agus bealaí chun cinn i leith staid na neamh-chómhalartachta le tríú tíortha áirithe i réimse an bheartais víosaí” (COM (2016) 221 final) (“Teachtaireacht an 12 Aibreán 2016”). Luaigh sé gur réitíodh formhór na gcásanna neamhchómhalartachta, a raibh ocht dtríú tír páirteach iontu, ach gur fhan staid na

neamh-chómhalartachta i ndáil le trí thríú tír. I measc na dtríú tíortha sin bhí na Stáit Aontaithe Mheiriceá, stát a chuireann ceanglas i bhfeidhm víosa a bheith ag náisiúnaigh den Bhulgáir, den Chróit, den Chipir, den Pholainn agus den Rómáin.

12 Mheabhraigh an Coimisiún freisin sa teachtaireacht sin, mura ndéanfadh an tríú tír lena mbaineann an ceanglas víosa a tharraingt siar faoin 12 Aibreán 2016, faoi Rialachán Uimh. 539/2001, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO 2013 L 347, lch. 74), go gceanglófaí air gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí go ceann 12 mhí an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí do náisiúnaigh an tríú tír sin. Luaigh sí freisin gur ceanglaíodh leis an Rialachán Uimh. 539/2001 sin, arna leasú, aird a thabhairt ar na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa ar chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát.

13 Ina dhiaidh sin, thíolaic an Coimisiún sé theachtaireacht leantacha maidir le teachtaireacht an 12 Aibreán 2016, an chéad teachtaireacht agus an dara teachtaireacht i mí Iúil agus i mí na Nollag 2016, an tríú agus an ceathrú teachtaireacht i mí Bealtaine agus i mí na Nollag 2017, an cúigiú teachtaireacht i mí na Nollag 2018 agus an teachtaireacht dheireanach i mí an Mhárta 2020.

14 Tar éis an dara teachtaireacht leantach, dar dáta an 21 Nollaig 2016, inar chinn an Coimisiún nach mbaineann neamh-chómhalartacht i gcúrsaí víosaí ach le dhá thríú tír, eadhon Ceanada agus na Stáit Aontaithe Mheiriceá ghlac an Pharlaimint, an 2 Márta 2017, rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhalartacht víosaí de bhun Airteagal 1(4) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2001 (2016/2986 (RSP)) ("rún an 2 Márta 2017"). Sa rún sin, mheas an Pharlaimint go raibh "oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí go sealadach an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil an ceanglas víosa curtha i leataobh acu do shaoránaigh de chuid Ballstáit áirithe, laistigh de 24 mhí ó dháta foilsithe na bhfógraí maidir leis an staid sin, a chuaigh in éag an 12 Aibreán 2016", agus d'iarr sí air, ar bhonn Airteagal 265 CFAE, an gníomh tarmligthe a raibh gá leis, dar léi, a ghlacadh.

15 An 2 Bealtaine 2017, leis an tríú teachtaireacht leantach dá chuid, a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle, thug an Coimisiún freagra ar rún an 2 Márta 2017 agus thug sé tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh (COM (2017) 227 final) ("Teachtaireacht an 2 Bealtaine 2017"). Luadh ann go mbeadh glacadh gnímh tharmligthe chun an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh Cheanada agus na Stát Aontaithe Mheiriceá a chur ar fionraí go sealadach "frithtorthúil faoi láthair" agus "nach rannchuideodh sé le cuspóir an taistil gan víosa a bhaint amach do gach saoránach uile [an Aontais]". [Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Sa cheathrú teachtaireacht dá chuid, dar dáta an 20 Nollaig 2017, chuir an Coimisiún in iúl go mbaineann an t-aon chás neamhchómhalartachta atá fágtha leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ó tháinig Poblacht na Polainne isteach i gClár Díolúine ó Cheanglas Víosa na Stát Aontaithe Mheiriceá i mí na Samhna 2019, dúirt an Coimisiún, ina séú teachtaireacht leantach dar dáta an 23 Márta 2020, nár leathnaíodh an clár díolúine sin chuig na Ballstáit uile, agus dhiúltaigh na Stáit Aontaithe Mheiriceá fós deireadh a chur leis an gceanglas víosa atá ar shaoránaigh Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire agus na Rómáine.

17 An 22 Deireadh Fómhair 2020, le rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhalartacht víosaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806 (2020/2605 (RSP)) ("rún an 22 Deireadh Fómhair 2020"), d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 265 CFAE, an gníomh tarmligthe a raibh gá leis faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, dar léi, a ghlacadh chun an díolúine ón gceanglas maidir le

víosa ghearrfhanachta do náisiúnaigh na Stát Aontaithe Mheiriceá a chur ar fionraí go sealadach i bhfianaise an cheanglais víosa arna fhorchur ag an tríú tír sin ar náisiúnaigh den Bhulgáir, den Chipir, den Chróit agus den Rómáin.

18 An 22 Nollaig 2020, le teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina leagtar amach seasamh an Choimisiúin tar éis an Rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhalartacht víosaí agus staid na himeartha ina leith [COM (2020) 851 final], ("teachtaireacht an 22 Nollaig 2020"), leag an Coimisiún amach na cúiseanna nach raibh sé i gceist aige fós, ag an bpointe seo, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an díolúine ón gceanglas maidir le víosa ghearrfhanachta do náisiúnaigh na Stát Aontaithe Mheiriceá a chur ar fionraí go sealadach.

19 Agus í den tuairim nach dtugtar le pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 don Choimisiún an rogha gan gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun gníomh den sórt sin a leagtar síos leis an bhforáil sin a ghlacadh, rinne an Pharlaimint an chaingean seo a thionscnamh.

**Éilimh na bpáirtithe agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais**

20 Iarrann an Pharlaimint ar an gCúirt:

– a chinneadh gur sháraigh an Coimisiún CFAE toisc nár ghlac sé an gníomh tarmligthe de bhun phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, agus

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

21 Iarann an Coimisiún ar an gCúirt an chaingean a dhíbhe agus a ordú don Pharlaimint na costais a íoc.

22 Le doiciméad ar leith a taisceadh le Clárlann na Cúirte an 18 Bealtaine 2021, d'ardaigh an Chomhairle pléadáil maidir le do-ghlacthacht, i gcomhréir le hAirteagal 151(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Thíolaic an Pharlaimint a barúlacha maidir leis an bpléadáil sin an 28 Meitheamh 2021.

23 An 21 Meán Fómhair 2021, Chinn an Chúirt an phléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún a fhorchoimeád don bhreithiúnas críochnaitheach.

**Maidir leis an iarratas**

***Inghlacthacht***

*Argóintí na bpáirtithe*

24 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil an gníomh seo inghlactha ar dhá fhoras. Ar an gcéad dul síos, ina ráiteas cosanta, maíonn sé, trí rún an 22 Deireadh Fómhair 2020 a ghlacadh, go ndeachaigh an Pharlaimint timpeall ar an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 265 CFAE chun caingean a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú. Tá sé den tuairim go bhfuil an rún sin mar

an dara hiarraidh chun gníomhú, go bunúsach an t-ábhar céanna a bhí ann an 2 Márta 2017, ar a laghad a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh na Stát Aontaithe Mheiriceá, cé nár tugadh cás chun na Cúirte ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, bheadh cosc ar an bParlaimint caingean den sórt sin a thabhairt mar gheall ar mhainneachtain gníomhú. Ar an dara dul síos, ina phléadáil maidir le do-ghlacthacht, maíonn an Coimisiún, trí theachtaireacht an 22 Nollaig 2020 a ghlacadh mar fhreagairt ar iarraidh na Parlaiminte chun gníomhú dar dáta an 22 Deireadh Fómhair 2020, go ndearna sé a sheasamh a shainiú de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE.

25 Áitíonn an Pharlaimint go bhfuil an gníomh inghlactha. Maidir leis an bhféidearthacht dul timpeall ar an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 265 CFAE chun caingean a thabhairt mar gheall ar mhainneachtain gníomhú, tugann sé faoi deara, ar an gcéad dul síos, trí dhul gan an gníomh tarmligthe dá bhforáiltear le Rialachán 2018/1806 a ghlacadh, gur sháraigh an Coimisiún é ar bhonn leanúnach. Áitíonn sé, ar an dara dul síos, go bhfuil dhá aithris nua i rún an 22 Deireadh Fómhair 2020 i gcomparáid le rún an 2 Márta 2017. Áitíonn an Pharlaimint, ar an tríú dul síos, gur tháinig athrú ar a comhdhéanamh sa tréimhse idir an dá rún, tar éis na dtoghchán i mí an Mheithimh 2019. Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, luaitear ann, go bunúsach, go raibh an dara iarraidh chun gníomhú bunaithe ar mheasúnú ar fhorbairt an cháis ó glacadh an chéad iarraidh chun gníomhú, agus an teachtaireacht dheireanach ón gCoimisiún a glacadh an tráth sin á cur san áireamh, eadhon Teachtaireacht an 23 Márta 2020. Maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta, tíolacann an Pharlaimint nár shonraigh an Coimisiún a sheasamh, de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, trí theachtaireacht an 22 Nollaig 2020 a ghlacadh. Maidir leis an gcinneadh ar ghlac nó nár ghlac institiúid seasamh, ní fhéadfadh sé go mbeadh ceannteideal doiciméid de thionscnamh na hinstitiúide a bhfuil a neamhghníomhaíocht líomhnaithe ina coinne mar bhonn aonair leis an gcinneadh sin. Thairis sin, ní léir gur ghlac an Coimisiún seasamh maidir leis an ngníomh tarmligthe a ghlacadh trí theachtaireacht an 22 Nollaig 2020 a fhoilsiú, teachtaireacht nach ndéanann ach eilimintí a athrá sna teachtaireachtaí a rinne sé roimhe sin agus ina leagtar amach na cúiseanna fíorasacha lena neamhghníomh.

*Breithniú na Cúirte*

26 De réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, ní bheidh an chaingean inghlactha ach amháin sa chás go ndearnadh iarraidh chun gníomhú ar an institiúid, ar an gcomhlacht, nó ar an ngníomhaireacht lena mbaineann cheana féin. Más rud é, nuair a rachaidh tréimhse dhá mhí ó dháta an chuiridh sin in éag, nach mbeidh a seasamh sainithe ag an institiúid, ag an gcomhlacht, nó ag an ngníomhaireacht sin, féadfar an chaingean a thionscnamh laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

27 Tá ceanglas nós imeachta fíor-riachtanach ann go dtabharfaidh an t-iarratasóir fógra maidir leis an ábhar chuig an institiúid, an gcomhlacht, nó an ngníomhaireacht roimh ré, ní hamháin toisc gur túsphointe na dteorainneacha ama a leagtar síos don duine lena mbaineann sé, ach freisin toisc go gcuireann sé d'oibleagáid ar an institiúid, ar an gcomhlacht, nó ar an ngníomhaireacht sin, tríd an easpa gníomhaíochta a cheistiú, seasamh a ghlacadh laistigh de thréimhse theoranta maidir le dlíthiúlacht a neamhghníomhaíochta (breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *Klein* v *an Coimisiún*, C-430/20 P, EU:C:2022:377, mír 47).

28 Maidir leis an bpléadáil neamh-inghlacthachta lena n-éilítear nach bhfuil an gníomh seo in am, tá comhthuiscint ann gur sheol an Pharlaimint, i rúin an 2 Márta 2017 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020, iarraidh chun gníomhú chuig an gCoimisiún, de réir bhrí Airteagal 265 CFAE. Thug an

Coimisiún freagra ar na hiarrataí sin ina theachtaireachtaí dar dáta an 2 Bealtaine 2017 agus an 22 Nollaig 2020 faoi seach. Tá comhthuiscint ann freisin, tar éis theachtaireacht an 2 Bealtaine 2017, nár thionscain an Pharlaimint caingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú.

29 Maidir leis an gceist i dtaobh an ndearna an Pharlaimint neamhaird ar an teorainn ama maidir le himeachtaí a thionscnamh a leagtar síos san fhoráil sin, tríd an gcaingean seo a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú tar éis di an dara hiarratas chun gníomhú a sheoladh chuig an gCoimisiún, le rún an 22 Deireadh Fómhair 2020, cé nach ndearna sí caingean den sórt sin a thionscnamh tar éis rún an 2 Márta 2017 ina raibh an chéad iarratas chun gníomhú, braitheann sí dá bhrí sin ar cé acu atá nó nach bhfuil an dara hiarraidh sin chun gníomhú, i bhfianaise tosca oibiachtúla a bhaineann lena hábhar nó lena comhthéacs, éagsúil ón gcéad iarratas.

30 I ndáil leis sin, is léir ó theachtaireacht an 2 Bealtaine 2017, a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte mar fhreagra ar rún an 2 Márta 2017, gur i ndiaidh scrúdú ar na himthosca ábhartha go léir, go háirithe, ar na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí féideartha na díolúine ón gceanglas víosa ar chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá, a mheas an Coimisiún go mbeadh glacadh gnímh tharmligthe lena gcuirfí an díolúine sin ar fionraí go sealadach “faoi láthair” fritorthúil agus nach rannchuideodh sé le cuspóir an taistil gan víosa a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais.

31 I rún an 22 Deireadh Fómhair 2020, d’iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún, tar éis do thréimhse níos faide ná trí bliana dul in éag, athmhachnamh a dhéanamh ar an gcur chuige a roghnaíodh ina theachtaireacht an 2 Bealtaine 2017, i bhfianaise forbairtí ó rinneadh an teachtaireacht sin.

32 Ar an gcéad dul síos, is iomaí cúis éagsúla, idir chúiseanna dlíthiúla agus chúiseanna polaitiúla, a bhfhéadfadh sé go raibh siad mar údar le cinneadh na Parlaiminte, ar dtús, an nós imeachta dlíthíochta a thréigean tar éis don Choimisiún an teachtaireacht sin a ghlacadh, agus deis a thabhairt don Choimisiún torthaí a fháil, trí bhealaí taidhleoireachta, lena rannchuidítear leis an gcuspóir maidir le cómhalartacht iomlán víosaí a leagtar amach in aithris 14 de Rialachán 2018/1806. Ar an dara dul síos, tagraítear i rún an 22 Deireadh Fómhair 2020 do theachtaireachtaí ón gCoimisiún tar éis theachtaireacht an 2 Bealtaine 2017 maidir le saincheist na heaspa cómhalartachta víosaí leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gur i ndiaidh measúnú ar fhorbairt an cháis ó glacadh an chéad iarraidh chun gníomhú a ghlac an Pharlaimint rún an 22 Deireadh Fómhair 2020, rún ina bhfuil, ina theannta sin, dhá chúis bhreise chun tacú leis an argóint go gceanglaítear ar an gCoimisiún an gníomh tarmligthe i dtrácht a ghlacadh.

33 Ina theannta sin, deimhnítear cineál leithleach na n-iarrataí chun gníomhú atá i rúin an 2 Márta 2017 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020 ós rud é, i dteachtaireacht an 22 Nollaig 2020, a glacadh tar éis an rúin sin, go ndearna an Coimisiún athmheasúnú ar staid na neamh-chómhalartachta maidir le víosaí idir na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na ceithre Bhallstát de chuid an Aontais lena mbaineann i bhfianaise na bhforbairtí ó 2017 i leith. Tar éis forléargas a thabhairt ar an teagmháil idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil leis sin, inar leagadh amach an fhorbairt a rinne an tríú tír sin ar an gclár taistil gan víosa, chomh maith le comhthéacs polaitiúil an tríú tír sin agus a caidreamh déthaobhach leis an Aontas, tháinig sé ar an gconclúid go raibh glacadh an ghnímh sin fós míchuí agus go mbeadh sé “fritorthúil, go háirithe ag an gcéim seo”.

34 Sna himthosca sin, ní féidir rún an 22 Deireadh Fómhair 2020 a mheas mar bhealach chun dul timpeall ar an tréimhse chun imeachtaí a thionscnamh a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 265 CFAE, ar cuireadh tús leis an iarratas chun gníomhú atá i rún an 2 Márta 2017, ós rud é go raibh na hiarratais chun gníomhú sa dá rún sin éagsúil ó thaobh a n-ábhar agus an chomhthéacs inar glacadh iad araon.

35 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad phléadáil neamh-inghlacthachta, lena n-éilítear go bhfuil an gníomh reatha as am.

36 Maidir leis an dara pléadáil neamh-inghlacthachta, lena n-éilítear gurb ann do sheasamh an Choimisiúin a shonrú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfar, faoin gcéad mhír d'Airteagal 265 CFAE, an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte lena ndearbhú nach ngníomhaíonn an Coimisiún de shárú ar na Conarthaí.

37 Sa chás seo, maíonn an Coimisiún i dteachtaireacht an 22 Nollaig 2020 gur ghlac sé a sheasamh, de réir bhrí na forála sin, maidir leis an iarraidh ar ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 agus leag sé amach na cúiseanna nár ghlac sé leis ann iarraidh sin.

38 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt, má thugann institiúid freagra ar iarraidh chun gníomhú, ar fhreagra nach bhfuil sásúil don duine a rinne an iarraidh, is féidir mar sin féin an freagra sin a aicmiú mar seasamh a shonrú de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, agus cuirtear deireadh leis an mainneachtain gníomhú má ghlactar é. (féach, chuige sin, *inter alia*, breithiúnas an 1 Aibreán 1993, *Pesqueras Echebastar* v *an Coimisiún*, C-25/91, EU:C:1993:131, míreanna 11 agus 12).

39 Mar sin féin, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an réiteach dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, i gcomhthéacs idirinstitiúideach, i gcásanna ina gcuirfeadh neamh-inghlacthacht na caingne mar gheall ar mhainneachtain gníomhú ar chumas na hinstitiúide ar iarradh uirthi gníomhú chun staid neamhghníomhaíochta a bhuanú.

40 B'amhlaidh a bheadh dá n-aicmeofaí an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 37 den bhreithiúnas seo mar "seasamh a shonrú" de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, rud a fhágann nach bhfuil an gníomh reatha inghlactha. Ina leithéid de chás, leanfadh an t-easaontas idir na páirtithe sa díospóid reatha maidir le raon feidhme phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, agus, go sonrach, maidir le haon oibleagáid a bheith ann an gníomh tarmligthe i dtrácht a ghlacadh.

41 Dá bhrí sin, féadfar diúltú gníomhú, má tá sé sainráite, tar éis cuireadh a thabhairt d'institiúid gníomhú de bhun an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais ar bhonn an Airteagail sin, ar choinníoll nach gcuirfidh sé deireadh leis an mainneachtain gníomhú (breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, 302/87, EU:C:1988:461, mír 17).

42 Sna himthosca sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs idirinstitiúideach, maidir le freagra ó institiúid arb éard atá ann ná ráiteas ar chúiseanna gan an beart atá á lorg a ghlacadh, dar leis an institiúid sin, mar atá sa chás seo, nach mór an freagra a mheas mar dhiúltú gníomhú ón institiúid sin, de réir an chásdlí arna leagan amach sa mhír roimhe seo, agus dá bhrí sin, go bhféadfaí í a tharchur chuig an gCúirt i gcomhthéacs caingean arna tabhairt faoi Airteagal 265 CFAE.

43 Dá bhrí sin, tá an chaingean seo inghlactha.

***Substaint an cháis***

*Argóintí na bpáirtithe*

44 Mar thaca lena caingean, maíonn an Pharlaimint saincheist aonair dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún na Conarthaí trí mhainneachtain, de bhun phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh na Stát Aontaithe Mheiriceá ar fionraí go sealadach.

45 Maíonn an Pharlaimint nach dtugann an fhoráil sin aon chorrlach breithmheasa don Choimisiún, agus gurb é an toradh air sin ná go gceanglaítear ar an gCoimisiún, sa chás seo, beart den sórt sin a ghlacadh. De réir na Parlaiminte, is faoi réir coinníoll oibiachtúil amháin atá an oibleagáid gníomh tarmligthe a ghlacadh, faoin bhforáil sin, eadhon nach ndearna an tríú tír lena mbaineann an ceanglas víosa do náisiúnaigh Ballstáit amháin ar a laghad a tharraingt siar le linn na tréimhse 24 mhí ón dáta a foilsíodh an fógra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 7. Anseo, i gcás na Stát Aontaithe Mheiriceá, comhlíonadh an coinníoll sin an 12 Aibreán 2016.

46 Measann an Pharlaimint, cé go gceadaítear le pointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin don Choimisiún iarmhairtí fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát leis an tríú tír i dtrácht a chur san áireamh, ní fhágann an méid sin go bhfuil aon chorrlach breithmheasa ag an institiúid sin agus pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin á chur i bhfeidhm aici, ós rud é nach bhfuil aon rogha ag an gCoimisiún ach an gníomh tarmligthe a ghlacadh.

47 Aisiompaítear loighic Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 leis an léirmhíniú ar an bhforáil dheireanach sin a mhol an Coimisiún, ós rud é go gcuireann sé oibleagáid iarmhairtí fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa don chaidreamh seachtrach a chur san áireamh i gcroílár den sásra cómhalartachta dá bhforáiltear san Airteagal sin, agus ar an gcaoi sin an oibleagáid a leagtar síos i bhfomhír (f) den chéad mhír den Airteagal sin a chur faoi réir na heiliminte sin.

48 Dá bhrí sin, leis an léiriú sin, baintear aon éifeacht phraiticiúil den fhoráil sin agus ní chuirtear dearadh an tsásra cómhalartachta san áireamh. Níl aon chontrárthacht idir an oibleagáid atá ar an gCoimisiún, ar thaobh amháin, a leagtar síos i bpointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin, gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san fhoráil sin agus, ar an taobh eile, an ceanglas iarmhairtí na fionraí sin ar chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chur san áireamh, dá bhforáiltear i bpointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach céim den sásra cómhalartachta agus, dá réir sin, ba cheart é a léamh i bhfianaise an méid sin. Thairis sin, le pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, ní thugtar ach corrlach breithmheasa teoranta don Choimisiún, rud nach mbaineann le hábhar an ghnímh, is é sin le rá, fionraí iarbhír na díolúine ón gceanglas víosa. Baineann an corrlach breithmheasa sin le gnéithe eile, amhail an dáta ar a dtiocfaidh fionraí na díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm, laistigh de theorainn 90 lá tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh sin.

49 Dá bhrí sin, de bharr an léirmhínithe a mhol an Coimisiún, bheadh an oibleagáid chun an gníomh tarmligthe a ghlacadh, a leagtar síos i bpointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin, neamhéifeachtach i gcás nach ndearna an tríú tír lena mbaineann an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de thréimhse áirithe, sa mhéid is go n-imeodh an institiúid sin ón oibleagáid atá leagtha síos ag reachtas an Aontais Eorpaigh trína bheith ag brath ar iarmhairtí fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais agus Ballstát dá chuid leis an tríú tír sin, agus, sa chleachtas, deireadh a chur leis an sásra cómhalartachta ón gcéad chéim de.

50 Maíonn an Coimisiún nach gcuireann pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 oibleagáid gan choinníoll air gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an díolúine ón gceanglas víosa a deonaíodh do náisiúnaigh tríú tír a chur ar fionraí i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa do náisiúnaigh Ballstáit amháin ar a laghad tarraingthe siar ag an tríú tír sin laistigh de 24 mhí ó fhoilsiú fógra amhail an fógra dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin.

51 Ba cheart pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin a léamh, dar leis an gCoimisiún, i bhfianaise phointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin, lena gceanglaítear air, agus bearta breise á mbreithniú aige i gcomhréir le pointe (e), (f) nó (h) den chéad mhír den Airteagal sin, toradh na mbeart a ghlac an Ballstát lena mbaineann, na céimeanna a ghlac sé féin sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa sin i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha sin a chur san áireamh.

52 Ní chuireann an Coimisiún ina choinne go bhfuil a chorrlach breithmheasa agus pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 á chur i bhfeidhm teoranta do na tosca a leagtar amach i bpointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 sin a chur san áireamh. Mar sin féin, ní féidir a shéanadh go dtugann an Rialachán sin an corrlach breithmheasa sin dó.

53 Thairis sin, ní fhágann a léirmhíniú ar Airteagal 7 a mhol sé an oibleagáid an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bhfomhír (f) den chéad mhír den Airteagal sin a ghlacadh "neamhéifeachtach go hiomlán". Tugann an Coimisiún dá aire, i ndáil leis sin, go bhfuil an oibleagáid iarmhairtí do chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a chur san áireamh leagtha síos go sainráite i bpointe (d) den mhír sin, nuair a bheartaíonn sé bearta nua a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Airteagal 7 pointe (e), (f), nó (h), rud a fhágann nach féidir an léirmhíniú sin a mheas mar léirmhíniú *contra legem*. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún faoi deara nach raibh sé ag brath ar iarmhairtí fionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír atá i gceist agus orthu sin amháin, ach, de réir mar a d'éiligh reachtóirí an Aontais, rinne sé measúnú ar na hiarmhairtí sin agus breithniú á dhéanamh ar an bhféidearthacht beart fionraí a ghlacadh.

*Cinntí na Cúirte*

54 Sa chás seo, is comhfhoras é nár chuir na Stáit Aontaithe Mheiriceá deireadh leis an gceanglas víosa do náisiúnaigh Ballstáit amháin ar a laghad tar éis don tréimhse 24 mhí ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 dul in éag.

55 Dá bhrí sin, ní mór a fháil amach an ea, de réir mar a mhaíonn an Pharlaimint, gur cuireadh an Coimisiún, de bharr an mhéid sin, i gcás inar ceanglaíodh air, faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfí an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach do náisiúnaigh an tríú tír sin, gan aon rogha a bheith acu i ndáil leis sin.

56 I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, ní mór, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, ní hamháin a foclaíocht a chur san áireamh, ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sí agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha atá sí mar chuid díobh).

57 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 "go nglacfaidh" an Coimisiún gníomh tarmligthe lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach i gcás, mar atá sa chás seo, nach bhfuil an ceanglas víosa i dtrácht tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh den tréimhse a leagtar síos leis an bhforáil sin. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, ó fhoclaíocht na forála sin go gceanglaítear ar an gCoimisiún gníomh den sórt sin a ghlacadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha lena ghlacadh.

58 Ní mór léirmhíniú den sórt sin ar phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 a eisiamh, áfach, i bhfianaise scéim ghinearálta na chéad mhíre d'Airteagal 7, a bhfuil struchtúr ilchéimneach an tsásra cómhalartachta a bhunaítear leis mar shaintréith di go háirithe.

59 Go sonrach, foráiltear go sainráite le pointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh, ar an gcéad dul síos, agus bearta breise á meas aige i gcomhréir le pointe (e), (f) nó (h) den mhír sin, éifeachtaí na mbeart a ghlac an Ballstát lena mbaineann chun díolúine ón gceanglas víosa leis an tríú tír lena mbaineann a áirithiú, agus, ar an dara dul síos, na céimeanna a ghlac an Coimisiún, i gcomhréir le pointe (b) den fhomhír sin, le húdaráis an tríú tír atá i gceist, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus, ar an tríú dul síos, na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais agus a Bhallstát leis an tríú tír i gceist.

60 Ní bheadh aon fhiúntas ag gabháil leis an oibleagáid na himthosca éagsúla sin a chur san áireamh dá gceanglófaí ar an gCoimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 a ghlacadh, ós rud é nár chuir an tríú tír lena mbaineann an ceanglas víosa i dtrácht i leataobh laistigh den tréimhse a leagtar síos leis an bhforáil sin.

61 I ndáil leis sin, is léir ó aithris 17 de Rialachán 2018/1806 go bhfuil sé mar chuspóir le cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin sásra cómhalartachta arna bhunú le hAirteagal 7 den Rialachán sin creat institiúideach a bhunú lena gceadófar, sula bhféadfaí an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí do náisiúnaigh uile tríú tír, rud atá de chineál polaitiúil an-íogair, measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag beart den sórt sin ar an gcaidreamh seachtrach agus ar fheidhmiú foriomlán limistéar Schengen.

62 Dá bhrí sin, is léir ó léamh comhcheangailte na bhforálacha sa chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, arna léamh i bhfianaise aithris 17 de, go bhfuil corrlach breithmheasa ag an gCoimisiún maidir le gníomh tarmligthe a ghlacadh bunaithe ar phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin nó gan é a ghlacadh, agus an discréid sin a theorannú leis na trí chritéar a leagtar amach i bpointe (d) den mhír sin.

63 Tugtar tacaíocht don léirmhíniú sin freisin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i bpointí 34 go 40 dá Thuairim, leis na hoibreacha ullmhúcháin le haghaidh Rialachán Uimh. 1289/2013, lenar tugadh isteach an sásra cómhalartachta i ndlí an Aontais, inar léir nach raibh sé ar intinn ag reachtas an Aontais foráil a dhéanamh maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí go huathoibríoch i gcás ina bhfuil staid neamh-chómhalartachta ann fós.

64 Dá bhrí sin, murab ionann agus a bhfuil á maíomh ag an bParlaimint, níl sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 tar éis don tréimhse 24 mhí ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin dul in éag. Ar an taobh eile, d'fhonn a chinneadh ar cheart, i bhfianaise chuspóir na cómhalartachta iomláine a leagtar amach in aithris 14 den Rialachán sin, an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann a chur ar fionraí nó, de mhalairt air sin, staonadh ó bheart den sórt sin a ghlacadh, i bhfianaise na leasanna a bhaineann, go háirithe, le caidreamh seachtrach na mBallstát, na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen, agus an Aontais Eorpaigh, ní mór don Choimisiún na trí chritéar a leagtar amach i bpointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin, a leagtar amach i mír 59 den bhreithiúnas seo, a chur san áireamh.

65 Ní mór a fháil amach an ndeachaigh an Coimisiún, sa chás seo, lasmuigh de theorainneacha a chorrlach breithmheasa maidir lena chinneadh go raibh údar maith le diúltú gníomhú i bhfianaise na dtosca sin.

66 Maidir leis an gcéad chritéar, ar dá réir, sula smaoiníonn sé ar ghníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí go sealadach an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír lena bhforchuirtear ceanglas víosa ar náisiúnaigh de chuid Ballstáit amháin ar a laghad, ní mór don Choimisiún éifeachtaí na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann a chur san áireamh chun an díolúine ón gceanglas víosa leis an tríú tír sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil forléargas mionsonraithe sa teachtaireacht dar dáta an 22 Nollaig 2020 ar staid na gceithre Bhallstát a mbaineann an ceanglas víosa leo. Chuir an Coimisiún i láthair na forbairtí maidir leis an ráta diúltaithe víosaí do gach ceann de na Ballstáit agus luaigh sé go bhfuair na Ballstáit sin "pleananna oibre saincheaptha" a rinne na Stáit Aontaithe, ionas go bhféadfaidís na ceanglais is gá a chomhlíonadh chun Clár Díolúine ó Cheanglas Víosa na Stát Aontaithe a chomhlíonadh. Déantar tagairt sa teachtaireacht sin freisin don fhíoras gurb ionann an plé a tionscnaíodh ar bhonn na bpleananna oibre sin, lena n-áirítear treoracha a bhaineann go sonrach le gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann, agus dul chun cinn suntasach i gcomparáid leis an gcur chuige a bhí ann roimhe seo, bunaithe ar mheasúnú níos ginearálta ar cheanglais sábháilteachta, agus go raibh dul chun cinn léirithe sa mheasúnú a rinne na Ballstáit sin ar chur chun feidhme na bpleananna sin maidir le roinnt sruthanna oibre.

67 Maidir leis an dara critéar, eadhon oibleagáid an Choimisiúin na céimeanna a ghlac sé a chur san áireamh, sa chás seo, leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá, go háirithe sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn díolúine ón gceanglas víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach, rinne an Coimisiún, sa teachtaireacht uaidh an 22 Nollaig 2020, ar an gcéad dul síos, tagairt mhionsonraithe do roinnt cruinnithe oibre a tionóladh lena chontrapháirtithe i Meiriceá. Ar an dara dul síos, maíonn an Coimisiún ina Theachtaireacht dar dáta an 22 Nollaig 2020, mar gheall ar an idirthréimhse iarthoghcháin sna Stáit Aontaithe, agus go dtí go mbunófar an riarachán nua tar éis insealbhú an Uachtaráin nua a bhí beartaithe don 20 Eanáir 2021, go raibh air é féin a theorannú, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), do thogra le haghaidh clár oibre trasatlantach nua a tharraingt anuas lena meabhraítear a thábhachtaí atá an caidreamh trasatlantach.

68 Maidir leis an tríú critéar, eadhon an gá go gcuirfeadh an Coimisiún san áireamh iarmhairtí fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa chás seo, leis an gCoimisiún, ina theachtaireacht an 22 Nollaig 2020, rinne sé tagairt do na mínithe mionsonraithe ar an ábhar sin a leagtar amach cheana i dTeachtaireacht an 12 Aibreán 2016. Bhain sé de thátal as freisin go mbeadh tionchar diúltach suntasach a bheith ag fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh na Stát Aontaithe i raon leathan réimsí beartais agus earnálacha.

69 Eascraíonn sé as na tosca sin gur chuir an Coimisiún san áireamh na trí chritéar a leagtar amach i bpointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 sular tháinig sé ar an gconclúid gan an gníomh tarmligthe a glacadh.

70 Is léir ón méid sin roimhe seo nach ndeachaigh an Coimisiún lasmuigh de theoranta a chorrlach breithmheasa agus an tuairim á ghlacadh, tar éis iarraidh na Parlaiminte gníomhú an 22 Deireadh Fómhair 2020, nach raibh sé de cheangal air an gníomh tarmligthe i dtrácht a ghlacadh, agus mar thoradh air sin nach féidir a chur ina leith nár ghníomhaigh sé sa chás seo.

71 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chaingean atá ann faoi láthair mar gheall ar mhainneachtain gníomhú toisc é a bheith gan bhunús.

**Costais**

72 De réir théarmaí Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ní mór a ordú don pháirtí caillteach na costais a íoc, má chinneann an Chúirt amhlaidh. Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún ar na costais agus nár éirigh leis an gComhairle, is iomchuí a ordú di na costais a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra):

**1. Déantar an chaingean a dhiúltú.**

**2. Íocfaidh Parlaimint na hEorpa na costais.**

Sínithe